2024.M108T

2024L225A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Corpoideachas

## Ardleibhéal

Dé hAoine 21 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

250 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / /

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna gearra | 80 marc |
| Roinn B | Cás-Staidéar | 50 marc |
| Roinn C | Ceisteanna fada | 120 marc |

Freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

- **10** gceist ar bith as an 12 cheist i Roinn A
- ceist 13 i Roinn B – Cás-Staidéar
- **trí** cheist ar bith de na cúig cheist i Roinn C

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise den chineál sin go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.**

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

## Roinn A — 80 marc

Freagair **deich** gceist ar bith de na ceisteanna 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11 agus 12.

**Ceist 1**



**Fíor 1**

**Fíor 1** An gleacaí Meg Ryan as Corcaigh i mbun gnáthamh cleachtadh urláir.

**(a)** Luaigh modh cuí chun anailís a dhéanamh ar gach ceann de na gnéithe seo den fheidhmíocht:
Ullmhacht shíceolaíoch Cóiréagrafaíocht
**Ní mór duit** modh difriúil anailíse a úsáid do gach gné den fheidhmíocht.

| |
|---|
| Ullmhacht shíceolaíoch: |
| |
| Cóiréagrafaíocht: |
| |

**(b)** Mínigh an téarma 'critéir aeistéitiúla agus/nó ealaíne na feidhmíochta' mar a bhaineann sé le gníomhaíochtaí coirp.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2**

**(a)** Sainmhínigh coincheap na gníomhaíochta coirp, fóillíocht agus caitheamh aimsire.

| Fóillíocht agus caitheamh aimsire: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Déan plé ar **dhá** bhacainn sa phobal atá roimh rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp.

| 1. |
|---|
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

**Ceist 3**

**(a)** Pléigh an dóigh a bhféadfadh inspreagadh dul i bhfeidhm ar chleachtadh lúthchleasaí.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Ainmnigh straitéis a d'fhéadfadh lúthchleasaithe a úsáid chun cur lena n-inspreagadh. Mínigh mar a chuireann an straitéis seo le hinspreagadh.

| |
|---|
| Ainm na straitéise: |
| |
| Míniú: |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4**

De réir suirbhé a rinne Capgemini, cuideachta chomhairleach teicneolaíochta as an bhFrainc, le déanaí ar 10,000 duine i naoi dtír, deir nach mór 70% de leantóirí go bhfuil na teicneolaíochtaí nua i ndiaidh cur go mór lena n-eispéireas féachana.

Déan plé ar **dhá** chéim chun tosaigh sa teicneolaíocht atá tar éis tionchar a bheith acu ar eispéireas an lucht féachana i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| Gníomhaíocht choirp: |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**



**Fíor 2**



**Fíor 3**

Is lúthchleasaí ilspóirt sciliúil í Hannah Tyrell atá le feiceáil i bh**Fíor 2** agus **Fíor 3**. Bhuaigh Tyrell Craobh Sinsear na hÉireann sa Pheil Ghaelach le Baile Átha Cliath in 2023 agus bhuaigh sí craobh na Sé Náisiún sa rugbaí le hÉirinn in 2015.

**(a)** Sainmhínigh scil.

**(b)** Luaigh **dhá** thréith a bhaineann le feidhmíocht sciliúil.

1.

2.

**(c)** Mínigh an téarma, cur i bhfeidhm cruthaitheach scile.

**Ceist 6**

Is í an fheidhm atá ag Frithdhópáil Spórt Éireann ná deireadh a chur leis an dópáil sa spórt in Éirinn.

Luaigh **ceithre** riail frithdhópála atá i bhfeidhm in Éirinn faoi láthair.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |
| 3. |
| |
| 4. |
| |

**Ceist 7**

Mínigh **dhá** mhodh traenála corpacmhainne a mbaintear úsáid astu chun forbairt a dhéanamh ar fheidhmíocht le haghaidh gníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| |
|---|
| Gníomhaíocht choirp: |
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 8**

**(a)** Luaigh **dhá** ghortú a tharlaíonn go minic i do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe agus **luaigh** na cúiseanna féideartha leis an **dá** ghortú sin.

| |
|---|
| Gníomhaíocht choirp: |
| Gortú 1. |
| Cúiseanna féideartha: |
| |
| Gortú 2. |
| Cúiseanna féideartha: |
| |

**(b)** Déan cur síos ar an gcóir leighis gharchabhrach do **cheann amháin** de na gortuithe a luaigh tú i **gCeist 8 (a)**.

| |
|---|
| Gortú: |
| Cóir leighis gharchabhrach: |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9**



**Fíor 4**

**(a)** Sainmhínigh formhuinithe mar a bhaineann siad leis an spórt.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hurraíocht i gcás Ceanneagraíochtaí Náisiúnta Rialaithe spóirt.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le hurraíocht i gcás lúthchleasaithe.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

**Ceist 10**




**Fíor 5**




**Fíor 6**

I bh**Fíor 5** agus **Fíor 6** tugtar sonraí as treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le gníomhaíochtaí coirp do pháistí agus ógánaigh den aois 5-17.

Déan plé ar **dhá** chur chuige dhifriúla maidir le gníomhaíochtaí coirp a chur chun cinn.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 11**

I staidéar a rinneadh in 2020, inar scrúdaíodh na héilimh choirp agus fhiseolaíocha a bhaineann le réiteoireacht ar rugbaí, dúradh:

> Tá an réiteoireacht ar rugbaí 15-an-taobh níos éilithí ar an gcorp ar na leibhéil níos airde iomaíochta, go háirithe ó thaobh na n-iarrachtaí ard-déine de.

**(a)** Baineann tábhacht le corpacmhainn phearsanta a fhorbairt i gcás na n-oifigeach. Cén fáth?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Luaigh **dhá** straitéis ar féidir le hoifigeach iad a úsáid chun coimhlint idir rannpháirtithe a bhainistiú.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(c)** Déan cur síos ar fheisteas cuí agus ar fhearas cuí a bhíonn de dhíth ar oifigeach i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| |
|---|
| Gníomhaíocht choirp: |
| Feisteas: |
| |
| |
| |
| Fearas: |
| |
| |
| |

**Ceist 12**

**(a)** Ainmnigh **trí** chóras fuinnimh a úsáidtear i gcorp an duine.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(b)** Déan plé ar an ról atá ag córas fuinnimh ainmnithe **amháin** maidir le feidhmíocht i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| |
|---|
| Córas fuinnimh: |
| Gníomhaíocht choirp: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Roinn B** **Cás-Staidéar** **50 marc**

Scrúdaigh an téacs agus na híomhánna sa Chás-Staidéar thíos agus freagair ceist 13.

# Páras 2024 Cluichí Oilimpeacha an tSamhraidh

Is iad na Cluichí Oilimpeacha an t-aon chomórtas fíordhomhanda, ilspóirt a dhéanann ceiliúradh ar an lúthchleasaíocht.

**Fíor 7**

Toisc é a bheith ina chomórtas domhanda, tá an-chuid eagrúcháin agus pleanála i gceist le go n-éireoidh go maith leis na Cluichí Oilimpeacha. I mí Iúil agus i mí Lúnasa i mbliana, is i bPáras a bheidh Cluichí Oilimpeacha an tSamhraidh, a bheidh ar siúl den 33ú huair, á n-óstáil. San iomlán, beidh 329 comórtas in 32 spórt éagsúil ann. Beidh thart ar 10,500 lúthchleasaí san iomaíocht ag na Cluichí ar son 206 Coiste Náisiúnta Oilimpeach.

Creideann Tony Estanguet, Uachtarán Choiste Eagrúcháin Pháras 2024 le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha go gcuirfear a lán deiseanna fostaíochta ar fáil leis na Cluichí Oilimpeacha. Tá an coiste ag iarraidh forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn, éagothroime a laghdú, agus fostaíocht a chur chun cinn mar thoradh ar óstáil a dhéanamh ar na Cluichí.

Tá pleananna móra ag lúthchleasaí amháin de chuid na hÉireann an bua a fháil ag na Cluichí Oilimpeacha i mbliana, is í sin an rábálaí 400m Rhasidat Adeleke. Bhí séasúr iontach ag Adeleke, atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá anois, in 2023. I ndiaidh di rás ceannais an 400m a bhuachan i gcomórtais Chumann Lúthchleasa Náisiúnta na gColáistí (NCAA) in Texas, ar mheánluas 8.13m/s, shínigh Adeleke conradh le Nike - rud a d'fhógair ina lúthchleasaí proifisiúnta í. Ag Craobhchomórtais an Domhain i mBúdaipeist i mí Lúnasa, bhain Adeleke áit amach sa rás ceannais agus chríochnaigh sí sa cheathrú háit in am 50.13s. Thug an gaisce seo le fios go raibh lúthchleasaí ar scothleibhéal domhanda tagtha ar an bhfód, in aois a fiche bliain ag an am. Tar éis an rása, dúirt Adeleke:



**Fíor 8**

Bhí an séasúr fada, ag rith ó thús Eanáir, mar sin le bheith fírinneach faoi, is toradh an-mhaith é an ceathrú háit a bhaint amach … An bhliain seo chugainn, tá súil agam a bheith in ann mo shéasúr a dhíriú ar na Cluichí Oilimpeacha agus nach mbeidh séasúr chomh fada sin agam tar éis an NCAA.



**Fíor 9**

Agus í ina lúthchleasaí proifisiúnta anois, ba chóir go gcuideodh sé sin le Adeleke barr feabhais a chur ar a cuid feidhmíochta. Tig leis an rochtain ar chóitseáil scothleibhéil, chomh maith le hacmhainní agus teicneolaíocht, cuidiú le dearadh agus forbairt a pleananna traenála maille lena hullmhú do chomórtais. In 2021, lainseáil Nike saotharlann taighde spóirt ardteicniúil in Portland chun cuidiú le forbairt a dhéanamh ar a chuid lúthchleasaithe agus táirgí. Mar chuid den tsaotharlann sin, tá raon reatha a bhaineann úsáid as teicneolaíocht braiteoirí gluaisne 3T chun bithmheicnic staidiúir lúthchleasaí a mheasúnú.

**Ceist 13** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Déan plé ar an difríocht atá idir veicteoirí agus scálaigh sa spórt.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Luaigh **dhá** chainníocht scálacha a bhaineann le spórt atá luaite sa chás-staidéar.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(b)** Scrúdaigh **dhá** chur chuige de chleachtas sábháilte ar féidir le heagraithe imeachta, amhail na Cluichí Oilimpeacha, a chur i bhfeidhm.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)**

An bhliain seo chugainn, tá súil agam a bheith in ann mo shéasúr a dhíriú ar na Cluichí Oilimpeacha…

**(i)** Sainmhínigh tréimhsiú.

**(ii)** Cén t-am a rith Adeleke sa rás 400m i gcraobhchomórtas NCAA in Texas in 2023?

**(iii)** Mol fáth **amháin** ar rith Adeleke am níos gasta i gcraobhchomórtas NCAA ná mar a rith sí sa rás 400m i gcraobhchomórtas an Domhain anuraidh. Cosain an fáth atá luaite agat agus déan tagairt don chás-staidéar.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(d)** Déan anailís ar ról na teicneolaíochta i measúnú feidhmíochta spóirt.

**(e)** Cuirtear deiseanna iontacha ar fáil do lucht gnó agus fiontair le himeachtaí oll-rannpháirtíochta amhail na Cluichí Oilimpeacha.

Déan anailís ar an ráiteas seo.

## Roinn C 120 marc

Freagair **trí** cheist ar bith as ceisteanna 14, 15, 16, 17 agus 18.

**Ceist 14** **(40 marc)**



**Fíor 10**

**Fíor 10** Scátálaí fíorach ag déanamh gnáthaimh os comhair airéine lán le lucht féachana agus leis na meáin.

**(a)** Sainaithin **ceithre** shaintréith a bhaineann le gníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin a fhágann go mealltar na meáin agus/nó an lucht féachana chuici.

| Gníomhaíocht choirp: |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |

**(b)** Mínigh **trí** mhodh cleachtaidh ar féidir úsáid a bhaint astu chun scileanna a fhorbairt i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| Gníomhaíocht choirp: |
| --- |
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(c)** Agus samplaí as an spórt á n-úsáid agat, scrúdaigh na difríochtaí atá idir luamháin den dara haicme agus luamháin den tríú haicme.

**(d)** Mar chuid den staidéar a rinne tú ar an gCorpoideachas don Ardteistiméireacht, d’fhiosraigh tú clúdach na meán ar scothfheidhmíocht sa spórt.

Mínigh do chuid torthaí.

**Ceist 15** **(40 marc)**

| Ceanneagraíochtaí Náisiúnta Rialaithe | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann | 1,200,000 | 1,200,000 | 1,400,000 | 1,400,000 | 1,450,000 | **1,500,000** |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | 887,000 | 950,000 | 1,000,000 | 1,000,000 | 1,100,000 | **1,150,000** |
| Cumann Snámha na hÉireann | 827,000 | 910,000 | 950,000 | 950,000 | 1,050,000 | **1,100,000** |
| Eachspórt Éireann | 775,000 | 855,000 | 930,000 | 930,000 | 975,000 | **1,000,000** |
| Cumann Cispheile na hÉireann | 598,000 | 695,000 | 740,000 | 740,000 | 800,000 | **840,000** |
| Cumann Dornálaíochta na hÉireann | 432,000 | 475,000 | 500,000 | 500,000 | 500,000 | **525,000** |
| Cumann Pheil na mBan | 400,000 | 450,000 | 485,000 | 485,000 | 500,000 | **525,000** |
| Cruicéad Éireann | 355,000 | 450,000 | 480,000 | 480,000 | 500,000 | **525,000** |
| Cumann Leadóige na hÉireann | 353,000 | 425,000 | 450,000 | 450,000 | 450,000 | **475,000** |
| An Cumann Camógaíochta | 395,000 | 395,000 | 435,000 | 435,000 | 450,000 | **475,000** |

**Fíor 11**

I bh**Fíor 11** cuirtear i láthair sonraí as an gcáipéis Infheistíocht Spóirt 2023 le Spórt Éireann faoin maoiniú a tugadh do roinnt Ceanneagraíochtaí Náisiúnta Rialaithe (CNR).

**(a)** **(i)** Mol bealach **amháin** ina bhféadfadh Ceanneagraíocht Náisiúnta Rialaithe spóirt an maoiniú a fhaigheann siad ó Spórt Éireann a úsáid chun tacú le lúthchleasaithe a bhíonn san iomaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta.

**(ii)** Déan plé ar an dóigh a dtacaíocht Ceanneagraíocht Náisiúnta Rialaithe spóirt ainmnithe le forbairt an spóirt ar leibhéal áitiúil.

Ceanneagraíocht Náisiúnta Rialaithe:

**(b)** Mínigh **dhá** straitéis téarnaimh a úsáideann lúthchleasaithe i ndiaidh aclaíochta mar thaca le hoiriúnuithe an choirp.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*


**(c)** Comhlánaigh an tábla seo a leanas chun clár tástálacha corpacmhainne a bhaineann le feidhmíocht a dhearadh do ghníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| Gníomhaíocht choirp: | | |
|---|---|---|
| **An chomhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann le feidhmíocht atá á tástáil** | **Ainm na tastála corpacmhainne** | **Míniú ar an bhfáth a bhfuil an tástáil chorpacmhainne seo á cur san áireamh** |
| | | |
| | | |
| | | |

**(d)** Déan anailís ar an soláthar agus ar an tacaíocht atá ann le haghaidh barr feabhais san fheidhmíocht i do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe.

| Gníomhaíocht choirp: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 16** **(40 marc)**




I bh**Fíor 12** taispeántar eolas a bhaineann le líon na dtastálacha frithdhópála deimhneacha a fuarthas sa rothaíocht le blianta beaga anuas.

**Fíor 12**

**(a)** **(i)** Déan **dhá** ráiteas, bunaithe ar an eolas a thaispeántar i **bhFíor 12**, faoin bhfrithdhópáil sa rothaíocht le blianta beaga anuas.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(ii)** Céard is cód eitice ann don spórt?

| |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** Mínigh an tábhacht a bhaineann le cothromas i ngníomhaíocht choirp ainmnithe.

| |
|---|
| Gníomhaíocht choirp: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Déan plé ar na dúshláin atá ann do ghníomhaithe a bhaineann úsáid as forbhianna spóirt.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(c)** Déan anailís ar na himpleachtaí atá ann don spórt sa chás go bhfuil sáruithe déanta ag lúthchleasaithe sa spórt sin ar rialacha frithdhópála.

**(d)** Mar pháirt de do chuid staidéir ar an gCorpoideachas don Ardteistiméireacht dhear tú plean cothaithe do lúthchleasaí i do rogha gníomhaíochta coirp ainmnithe.

Tabhair breac-chuntas ar **thrí** ghné den phlean cothaithe agus luaigh an réasúnaíocht atá le **gach** ceann de na gnéithe sin a chur sa phlean.

| |
|---|
| Gníomhaíocht choirp: |
| 1. |
| |
| Réasúnaíocht: |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| Réasúnaíocht: |
| |
| |
| |
| |
| 3. |
| |
| Réasúnaíocht: |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 17** **(40 marc)**



**Fíor 13**



**Fíor 14**

**(a)** Déan plé ar na buntáistí pearsanta a bhaineann le gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine do daoine ag **dhá** thráth dhifriúla ina saol.

| |
|---|
| Tráth saoil 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| Tráth saoil 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** thréith a bhíonn ag daoine a mbíonn tionchar dearfach acu ar rannpháirtíocht daoine eile i ngníomhaíocht choirp agus a thugann tacaíocht don rannpháirtíocht sin.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(c)** Scríobh **trí** ráiteas a chuirfeá isteach i gcód cleachtais a bhaineann le hurraíocht tráchtála a roghnú d’fhoireann spóirt óige.
I gcás **gach** ceann de na ráitis seo, cosain an chúis a gcuirfeá sa chód cleachtais iad.

| |
|---|
| Ráiteas 1. |
| |
| Cosaint: |
| |
| |
| |
| |
| Ráiteas 2. |
| |
| Cosaint: |
| |
| |
| |
| |
| Ráiteas 3. |
| |
| Cosaint: |
| |
| |
| |
| |

**(d)** **(i)** Ainmnigh polasaí náisiúnta a chuireann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp chun cinn.

**(ii)** I gcás an pholasaí a d’ainmnigh tú i g**Ceist 17 (d) (i)** déan anailís ar an dóigh a gcuireann sé rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp chun cinn.

**Ceist 18** **(40 marc)**

**(a)** Sainmhínigh **cúig** chomhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |
| 3. |
| |
| 4. |
| |
| 5. |
| |

**(b)** **(i)** Sainmhínigh an imní a bhaineann le feidhmíocht i ngníomhaíocht choirp.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Pléigh an dóigh a bhféadfadh imní tionchar a bheith ar fheidhmíocht lúthchleasaí i ngníomhaíocht choirp.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Mar pháirt de do chuid staidéir ar an gCorpoideachas don Ardteistiméireacht dhear tú plean gníomhaíochta pearsanta chun tacú le meon dearfach síceolaíoch le haghaidh feidhmíochta.

Tabhair breac-chuntas ar **thrí** ghné den phlean gníomhaíochta agus luaigh an réasúnaíocht le **gach** ceann de na gnéithe sin a chur isteach sa phlean.

| |
|---|
| 1. |
| |
| Réasúnaíocht: |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| Réasúnaíocht: |
| |
| |
| |
| |
| 3. |
| |
| Réasúnaíocht: |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(d)**







**Fíor 15** **Fíor 16**

Déan anailís ar an mbaint atá ag gnólacht ainmnithe le spórt.

## Spás le haghaidh obair bhreise

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an pháirt den cheist atá á freagairt agat.

| Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an pháirt den cheist atá á freagairt agat. |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an pháirt den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an pháirt den cheist atá á freagairt agat.

## Admhálacha

### Íomhánna

Íomhá ar leathanach 3: https://www.corkbeo.ie/sport/cork-gymnast-headed-olympics-amazing-20960436 (Rochtain déanta: 10 Nollaig 2023)
Íomhánna ar leathanach 7: https://www.thesun.ie/sport/gaa-football/7550188/tyrrell-ireland-rugby-retirement-dublin-five-in-a-row/ (Rochtain déanta: 21 Lúnasa 2023)
Íomhá ar leathanach 10: https://www.nysafebets.com/news/all-time-biggest-sponsorship-deals-us-sports (Rochtain déanta: 21 Lúnasa 2023)
Íomhá ar leathanach 11: https://www.ncbi.nlm.nih.gov/books/NBK566048/ (Rochtain déanta: 21 Lúnasa 2023)
Íomhá ar leathanach 14: https://www.thesun.ie/sport/11225115/what-irish-time-rhasidat-adeleke-channel-final/ (Rochtain déanta: 21 Lúnasa 2023)
Íomhá ar leathanach 14: https://olympics.com/en/olympic-games/paris-2024 (Rochtain déanta: 21 Lúnasa 2023)
Íomhá ar leathanach 14: https://www.pulsesports.ng/athletics/story/rhasidat-adeleke-irish-nigerian-track-star-stuns-in-photos-announcing-professional-chapter-with-nike-2023071820404297040 (Rochtain déanta 21 Lúnasa 2023
Íomhá ar leathanach 20: https://www.bbc.com/sport/winter-sports/47617486 (Rochtain déanta: 25 Lúnasa 2023)
Íomhá ar leathanach 24: https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2023-02/Sport%20Ireland%20-%20Core%20Grant%20Brochure%202023_LR4.pdf (Rochtain déanta: 21 Lúnasa 2023)
Íomhá ar leathanach 28: https://lanternerouge.com/2023/03/26/how-clean-is-cycling-analysing-the-anti-doping-fight/ (Rochtain déanta 21 Lúnasa 2023)
Íomhá ar leathanach 32: https://www.freepik.com/free-photos-vectors/family-exercise (Rochtain déanta 21 Lúnasa 2023)
Íomhá ar leathanach 32: https://www.leinsterrugby.ie/domestic-rugby/domestic-coaching/coaching-courses/coaching-children/ (Rochtain déanta 10 Nollaig 2023)
Íomhá ar leathanach 38: https://www.munsterrugby.ie/2022/07/19/2022-23-adidas-training-range/ (Rochtain déanta: 10 Nollaig 2023)
Íomhá ar leathanach 38: https://twitter.com/MayoGAA/status/1371415328446685185 (Rochtain déanta: 10 Nollaig 2023)

### Téacsanna

Téacs ar leathanach 6: https://vivatechnology.com/news/how-technology-is-pumping-up-the-sports-fan-base-1638642988874 (Rochtain déanta: 21 Lúnasa 2023)
Téacs ar leathanach 12: https://pubmed.ncbi.nlm.nih.gov/33146494/ (Rochtain déanta: 21 Lúnasa 2023)
Téacs ar leathanach 14: https://olympics.com/en/olympic-games/ (Rochtain déanta: 21 Lúnasa 2023)
Téacs ar leathanach 14: https://www.irishtimes.com/sport/athletics/2023/08/23/irelands-rhasidat-adeleke-fourth-in-400m-final-at-world-athletics-championships/ (Rochtain déanta: 21 Lúnasa 2023)

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Corpoideachas

Dé hAoine 21 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30